GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh UNECE faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais TRANS/WP 29/343 UNECE, doiciméad atá ar fáil ag: https://unece.org/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

Rialachán Uimh. 26 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le formheas feithiclí i ndáil lena gcuid starrán seachtrach [2022/82]

Ina n-ionchorpraítear an téacs bailí go léir suas go dtí:

Sraith leasuithe 04 – Dáta theacht i bhfeidhm: An 25 Meán Fómhair 2020

CLÁR

RIALACHÁN

1. Raon feidhme agus cuspóir
2. Sainmhínithe
3. Iarratas ar fhormheas
4. Formheas
5. Sonraíochtaí ginearálta
6. Sonraíochtaí áirithe
7. Modhnú ar chineál feithicle
8. Comhréireacht táirgeachta
9. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta
10. Scor cinntitheach den táirgeadh
11. Ainmneacha agus seoltaí na seirbhísí teicniúla a dhéanann tástálacha formheasa, agus na n-údarás cineálcheadaithe
12. Forálacha idirthréimhseacha

IARSCRÍBHINNÍ

1. Fógra maidir le formheas cineáil feithicle, diúltú nó aistarraingt formheasa cineáil feithicle, síneadh a bheith curtha le formheas cineáil feithicle, nó scor cinntitheach de tháirgeadh cineáil feithicle i ndáil lena chuid starrán seachtrach, de bhun Rialachán Uimh. 26
2. Leagan amach na marcanna formheasa
3. Modhanna chun toisí starrán agus bearnaí a chinneadh
4. Fógra maidir le formheas, le diúltú nó aistarraingt formheasa, le síneadh a bheith curtha le formheas, nó le scor cinntitheach de tháirgeadh i gcás raca bagáiste, raca sciála nó aeróige lena nglactar nó lena dtarchuirtear comhartha raidió, is é sin raca nó aeróg arb aonad teicniúil ar leithligh atá inti

1. RAON FEIDHME AGUS CUSPÓIR

1.1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le starráin sheachtracha feithiclí a bhaineann le catagóir M1 ([1]). Níl feidhm aige maidir le feistí seachtracha le haghaidh amharc neamhdhíreach ná maidir le meallta feistí tarraingthe.

1.2. Is é is cuspóir don Rialachán seo an baol a laghdú go mbainfeadh díobháil choirp do dhuine a bhuailfeadh in aghaidh na cabhlach nó a theagmhódh leis an gcabhail i gcás imbhuailte, sin nó tromchúis na díobhála coirp a laghdú. Is rud é sin atá bailí bíodh an fheithicil ina stad nó bíodh sí ag gluaiseacht.

2. SAINMHÍNITHE

Chun críoch an Rialacháin seo:

2.1. Ciallaíonn '*formheas feithicle*' formheas cineáil feithicle i dtaca lena chuid starrán seachtrach;

2.2. Ciallaíonn '*cineál feithicle*' catagóir de mhótarfheithiclí nach bhfuil difríocht eatarthu ó thaobh rudaí bunúsacha ar nós chruth an dromchla sheachtraigh agus na n-ábhar atá sa dromchla sin;

2.3. Ciallaíonn '*dromchla seachtrach*' an taobh amuigh den fheithicil, lena n-áirítear an boinéad, clúdach urrann an bhagáiste, na doirse, na sciatháin, an díon, na feistí soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta agus na comhpháirteanna infheicthe neartúcháin.

2.4. Ciallaíonn '*líne urláir*' an líne a chinntear mar a leanas:

Cuir cón timpeall ar fheithicil ualaithe, cón nach sainítear cén ais ingearach atá ann, dar leathuillin 30°, sa chaoi go dteagmhaíonn sé, go leanúnach agus chomh híseal agus is féidir, le dromchla seachtrach na feithicle. Rian geoiméadrach na bpointí teagmhála úd, sin é an líne urláir. Agus an líne urláir á cinneadh, ní chuirfear san áireamh na pointí seacála, na sceithphíopaí ná na rothaí. Bearnaí tholláin na rothaí, glactar leis go bhfuil dromchla samhailteach á líonadh, dromchla a chuireann síneadh réidh leis an dromchla seachtrach máguaird. Ag dhá cheann na feithicle, cuirfear an tuairteoir san áireamh agus an líne urláir á socrú. De réir na feithicle áirithe a bheidh i gceist, d'fhéadfadh sé go rianfaí an líne urláir sa tslí go rachadh sí trí fhoirceann chuid an tuairteora, nó tríd an bpainéal cabhlach faoi bhun an tuairteora. I gcás ina dtarlóidh dhá phointe teagmhála nó níos mó ag an am céanna, is é an pointe teagmhála is ísle a úsáidfear chun an líne urláir a chinneadh;

2.5. Ciallaíonn '*ga cuaire*' ga an chiorcail arb é a stua seisean is dílse a fhreagraíonn do chruth cruinn na comhpháirte atá faoi bhreithniú;

2.6. Ciallaíonn '*feithicil ualaithe*' feithicil agus í ualaithe de réir na huasmhaise teicniúla ceadaithe. Déanfar tástáil ar fheithiclí atá feistithe le crochadh hidrineomatach, hiodrálach nó neomatach nó le feiste le haghaidh leibhéalú uathoibríoch de réir ualaigh, tástáil a dhéanfar de réir na dála reatha is neamhfhabhraí dá bhfuil ann i gcás na bhfeithiclí céanna, rud a bheidh sonraithe ag an monaróir;

2.7. I ndáil le taobhanna na feithicle, ciallaíonn '*forimeall seachtrach*' na feithicle an plána atá comhthreomhar le fadphlána meánach na feithicle agus atá ag teacht lena ciumhais sheachtrach, agus i ndáil leis na taobhanna tosaigh agus cúil, ciallaíonn '*forimeall seachtrach*' na feithicle plána trasnach ingearach na feithicle, plána atá ag teacht lena ciumhais tosaigh agus cúil, gan na starráin seo a leanas a chur san áireamh:

2.7.1. Boinn, gar dá bpointe teagmhála leis an talamh, agus naisc le haghaidh tomhsairí um brú na mbonn;

2.7.2. Aon fheiste frithsciorrtha a bheadh feistithe ar na rothaí;

2.7.3. Feistí amhairc neamhdhírigh;

([1]) Mar atá sainmhínithe sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3.), is é sin doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.6, mír 2. – https://unece.org/transport/standards/transport/vehicle-regulations-wp29/resolutions

2.7.4. Taobhlampaí táscaire treo, lampaí marcála na himlíne deiridh, (taobh)lampaí tosaigh agus cúil agus lampaí páirceála;

2.7.5. Maidir leis na foircinn tosaigh agus chúil, páirteanna atá suite ar na tuairteoirí, feistí tarraingthe agus sceithphíopaí;

2.8. Maidir le comhpháirt atá suite ar phainéal, ciallaíonn '*toise an starráin*' an toise a chinntear leis an modh a gcuirtear síos air i mír 2. d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo;

2.9. Ciallaíonn '*líne ainmniúil phainéil*' an líne a théann tríd an dá phointe dá bhfreagraíonn lár sféir, sféar a bhfuil an chéad teagmháil le comhpháirt agus an teagmháil deiridh léi déanta ag a dhromchla le linn an nós imeachta tomhais a thuairiscítear i mír 2.2. d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo;

2.10. Ciallaíonn '*aeróg*' aon fheiste a úsáidtear chun comharthaí leictreamaighnéadacha a tharchur agus/nó a ghlacadh;

2.11. Ciallaíonn '*tuairteoir*' struchtúr íochtair lasmuigh na feithicle, bíodh an struchtúr tosaigh i gceist nó an struchtúr cúil. Is rud é a chuimsíonn gach struchtúr atá ceaptha chun feithicil a chosaint i gcás imbhualadh tosaigh íseal-luais nó imbhualadh cúil íseal-luais, maille le haon cheangaltán a bheadh ag gabháil leis an struchtúr sin;

2.12. Ciallaíonn '*cumhdach tuairteora*' dromchla neamhdhocht lasmuigh an tuairteora, dromchla a shíneann ar feadh leithead iomlán thosach nó chúl na feithicle de ghnáth.

3. IARRATAS AR FHORMHEAS

3.1. Iarratas ar fhormheas cineáil feithicle i ndáil lena chuid starrán seachtrach;

3.1.1. An t-iarratas ar fhormheas cineáil feithicle i ndáil lena chuid starrán seachtrach, is é monaróir na feithicle a chuirfidh isteach é, sin nó ionadaí creidiúnaithe an mhonaróra.

3.1.2. Beidh trí chóip de na doiciméid seo a leanas ag gabháil leis:

3.1.2.1. Grianghraif de pháirteanna tosaigh, cúil agus taoibh na feithicle, grianghraif a ghlactar ar uillinn idir 30° agus 45° d'fhadphlána ceartingearach meánach na feithicle;

3.1.2.2. Líníochtaí de na tuairteoirí gona gcuid toisí agus, i gcás inarb iomchuí,

3.1.2.3. Líníochtaí de starráin sheachtracha áirithe agus, más infheidhme, líníochtaí de chodanna áirithe den dromchla seachtrach dá dtagraítear in 6.9.1.

3.1.3. Déanfar feithicil ar sampla atá inti den chineál feithicle atá le formheas a chur faoi bhráid na seirbhíse teicniúla a bhfuil sé de chúram uirthi na tástálacha formheasa a dhéanamh. Ach an tseirbhís theicniúil sin é a iarraidh, déanfar comhpháirteanna áirithe agus samplaí áirithe den ábhar a úsáideadh a chur isteach freisin.

3.2. Iarratas ar chineálcheadú maidir le racaí bagáiste, racaí sciála nó aeróga lena nglactar nó lena dtarchuirtear comhartha raidió, racaí nó aeróga a meastar gur aonaid theicniúla ar leithligh atá iontu.

3.2.1. Iarratas ar chineálcheadú maidir le racaí bagáiste, racaí sciála nó aeróga lena nglactar nó lena dtarchuirtear comhartha raidió, racaí nó aeróga a meastar gur aonaid theicniúla ar leithligh atá iontu, is é monaróir na feithicle nó monaróir na n-aonad teicniúil ar leithligh céanna a chuirfidh an t-iarratas sin isteach, sin nó ionadaí cuíchreidiúnaithe ceann de na monaróirí úd;

3.2.2. I gcás gach cineáil de cheann ar bith de na feistí dá dtagraítear i mír 3.2.1. thuas, beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:

3.2.2.1. Trí chóip de dhoiciméid ina sonraítear saintréithe teicniúla an aonaid theicniúil ar leithligh agus na treoracha cóimeála atá le soláthar i dteannta gach aonaid theicniúil ar leithligh dá ndíolfar;

3.2.2.2. Sampla den chineál aonaid theicniúil ar leithligh. Féadfaidh an t-údarás freagrach sampla breise a iarraidh, má mheasann sé gur gá sin a dhéanamh.

4. FORMHEAS

4.1. Formheas cineáil feithicle i ndáil lena chuid starrán seachtrach;

4.1.1. An cineál feithicle a chuirtear isteach le haghaidh cineálcheadú de bhun an Rialacháin seo, má chomhlíonann sé ceanglais mhíreanna 5 agus 6 thíos, deonófar formheas le haghaidh an chineáil feithicle sin.

4.1.2. Sannfar uimhir formheasa do gach cineál feithicle dá bhformheasfar. Leis an gcéad dá dhigit (03 faoi láthair, rud a chomhfhreagraíonn do shraith leasuithe 03), sonrófar an tsraith leasuithe ina n-ionchorpraítear na mórleasuithe teicniúla is déanaí dá ndearnadh ar an Rialachán an tráth a eisítear an formheas. Ní fhéadfaidh an páirtí conarthach céanna an uimhir chéanna a shannadh do chineál eile feithicle.

4.1.3. Fógra maidir le formheas cineáil feithicle, le diúltú nó aistarraingt formheasa cineáil feithicle, le síneadh a bheith curtha le formheasa cineáil feithicle, nó le scor cinntitheach de tháirgeadh cineáil feithicle de bhun an Rialacháin seo, cuirfear an fógra sin in iúl do na Páirtithe i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an sampla atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

4.1.4. Gach feithicil atá i gcomhréir le cineál feithicle a fhormheastar faoin Rialachán seo, greamófar marc formheasa idirnáisiúnta di – beidh an marc sin le feiceáil go soiléir, beidh sé in áit a bhféadfar teacht air go héasca, áit a shonrófar ar an bhfoirm formheasa, agus is éard a bheidh ann:

4.1.4.1.. Ciorcal timpeall ar an litir "E" agus, taobh leis an litir sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an formheas ([2]);

4.1.4.2. Ar thaobh na láimhe deise den chiorcal a fhorordaítear i mír 4.1.4.1. thuas, uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin, an litir "R", dais, agus an uimhir formheasa.

4.1.5. Má tá an fheithicil i gcomhréir, sa tír a dheonaigh formheas faoin Rialachán seo, má tá sí i gcomhréir le cineál feithicle atá formheasta faoi cheann amháin nó níos mó de na Rialacháin eile atá i gceangal leis an gComhaontú, ní gá an tsiombail a fhorordaítear i mír 4.1.4.1. a chur ar fáil arís; i gcás den chineál sin, na Rialacháin ar fad faoinar deonaíodh formheas sa tír a dheonaigh formheas faoin Rialachán seo, cuirfear uimhreacha agus siombailí na Rialachán sin i gcolúin ingearacha ar thaobh na láimhe deise den tsiombail a fhorordaítear i mír 4.1.4.l.

4.1.6. Beidh an marc formheasa soléite agus doscriosta.

4.1.7. Pláta sonraí na feithicle, pláta a bheidh greamaithe ar an bhfeithicil ag an monaróir, is ar an bpláta sin nó i ngar dó a chuirfear an marc formheasa.

4.1.8. In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo, tugtar samplaí de leagan amach marcanna formheasa.

4.1.9. Sula ndeonófar cineálcheadú, fíoróidh an t-údarás cineálcheadaithe go bhfuil socruithe sásúla i bhfeidhm lena áirithiú go rialófar comhréireacht na táirgeachta go héifeachtach.

([2]) Sainuimhreacha na bpáirtithe conarthacha i gComhaontú 1958, tá siad in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), is é sin doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev. 6 - https://unece.org/transport/standards/transport/vehicle-regulations-wp29/resolutions

4.2. Cineálcheadú maidir le racaí bagáiste, racaí sciála nó aeróga lena nglactar nó lena dtarchuirtear comhartha raidió, racaí nó aeróga a meastar gur aonaid theicniúla ar leithligh atá iontu

4.2.1. An cineál aonaid theicniúil ar leithligh a chuirtear isteach le haghaidh formheas de bhun an Rialacháin seo, má chomhlíonann sé ceanglais mhíreanna 6.16, 6.17 agus 6.18 thíos, deonófar formheas le haghaidh an chineáil aonaid theicniúil sin.

4.2.2. Sannfar uimhir formheasa do gach cineál aonaid theicniúil ar leithligh dá bhformheasfar. Leis an gcéad dá dhigit (03 faoi láthair, rud a chomhfhreagraíonn do shraith leasuithe 03 a tháinig i bhfeidhm an 23 Meitheamh 2005), sonrófar an tsraith leasuithe ina n-ionchorpraítear na mórleasuithe teicniúla is déanaí dá ndearnadh ar an Rialachán an tráth a eisítear an formheas. Ní fhéadfaidh an páirtí conarthach céanna an uimhir chéanna a shannadh do chineál eile aonaid theicniúil ar leithligh.

4.2.3. Fógra maidir le formheas cineáil aonaid theicniúil ar leithligh, le diúltú nó aistarraingt formheasa cineáil aonaid theicniúil ar leithligh, nó le scor cinntitheach de tháirgeadh cineáil aonaid theicniúil ar leithligh de bhun an Rialacháin seo, cuirfear an fógra sin in iúl do na Páirtithe i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an sampla atá in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo.

4.2.4. Gach aonad teicniúil ar leithligh atá i gcomhréir le cineál a fhormheastar faoin Rialachán seo, greamófar marc formheasa idirnáisiúnta de – beidh an marc sin le feiceáil go soiléir, beidh sé in áit a bhféadfar teacht air go héasca, áit a shonrófar ar an bhfoirm formheasa, agus is éard a bheidh ann:

4.2.4.1. Ciorcal timpeall ar an litir "E" agus, taobh leis an litir sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an formheas;[2]

4.2.4.2. Ar thaobh na láimhe deise den chiorcal a fhorordaítear i mír 4.2.4.1., uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin, an litir "R", dais, agus an uimhir formheasa.

4.2.5. Beidh an marc formheasa soléite agus doscriosta.

4.2.6. Pláta sonraí an aonaid theicniúil ar leithligh, pláta a bheidh greamaithe ar an aonad ag an monaróir, is ar an bpláta sin nó i ngar dó a chuirfear an marc formheasa.

4.2.7. In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo, tugtar samplaí de leagan amach marcanna formheasa.

4.2.8. Sula ndeonófar cineálcheadú, fíoróidh an t-údarás cineálcheadaithe go bhfuil socruithe sásúla i bhfeidhm lena áirithiú go rialófar comhréireacht na táirgeachta go héifeachtach.

5. SONRAÍOCHTAÍ GINEARÁLTA

5.1. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir leis na codanna sin den dromchla seachtrach darb amhlaidh ceann de na nithe seo a leanas, agus gach doras, fuinneog agus claibín rochtana dúnta:

5.1.1. Airde is mó ná 2 mhéadar atá fúthu, nó

5.1.2. Is faoi bhun na líne urláir atá siad, nó

5.1.3. Tá siad in áit nach féidir le sféar dar trastomhas 100 mm teagmháil leo, bídís ina stad nó bídís á n-oibriú.

5.2. Ní bheidh aon pháirt rinneach, aon pháirt ghéar, ná aon starrán amach as dromchla seachtrach feithiclí ar dhóigh dá chruth, dá chuid toisí, dá threo ná dá chruas cur le ceachtar den dá ní a leanas – an baol go mbainfeadh díobháil choirp do dhuine a bhuailfeadh in aghaidh an dromchla sheachtraigh nó a theagmhódh leis i gcás imbhuailte, sin nó tromchúis na díobhála coirp a tharlódh ina leithéid de chás.

5.3. Ní bheidh aon pháirt amach as dromchla seachtrach feithiclí ar dhóigh go rachadh coisithe, rothaithe nó gluaisrothaithe i ngreim inti.

5.4. Is lú ná 2,5 mm an ga cuaire a bheidh ag aon pháirt dá ngobann amach ón dromchla seachtrach. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas seo maidir le páirteanna den dromchla seachtrach a ghobann amach níos lú ná 5 mm, ach maolófar na huillinneacha amach atá ar na páirteanna sin, seachas i gcás inar lú ná 1,5 mm a ghobann na páirteanna céanna amach.

5.5. Páirteanna a ghobann amach ón dromchla seachtrach, páirteanna atá déanta as ábhar dar cruas rud nach mó ná 60 Shore A, féadfaidh ga cuaire is lú ná 2,5 mm a bheith acu.

Déanfar an cruas a thomhas agus an chomhpháirt suiteáilte ar an bhfeithicil. I gcás nach féidir an cruas a thomhas de réir nós imeachta Shore A, úsáidfear tomhais inchomparáide chun meastóireachta.

5.6. Beidh feidhm ag forálacha mhíreanna 5.1 go 5.5 thuas chomh maith le sonraíochtaí áirithe mhír 6 mar a leanas, seachas i gcás ina bhforáiltear a mhalairt go sainráite sna sonraíochtaí áirithe sin.

6. SONRAÍOCHTAÍ ÁIRITHE

6.1. Ornáidí

6.1.1. Ornáidí breise a ghobann amach níos mó ná 10 mm óna dtaca, is é a n-aistarraingt, a mbaint nó a gcromadh a tharlóidh ach a n-oibreofar fórsa 10 daN ó threo ar bith ar an bpointe is faide amuigh orthu, i bplána atá comhthreomhar a bheag nó a mhór leis an dromchla ar a bhfuil an ornáid suite. Ní bheidh feidhm ag na forálacha sin maidir le hornáidí ar ghríleanna radaitheora, ornáidí nach mbeidh feidhm ach ag ceanglais ghinearálta mhír 5 maidir leo.

Chun an fórsa 10 daN a chur i bhfeidhm, úsáidfear reithe récheannach dar trastomhas rud nach mó ná 50 mm. I gcás nach féidir sin, úsáidfear modh coibhéiseach. Na starráin a bheidh fágtha tar éis aistarraingt, bhaint nó chromadh na n-ornáidí, ní mó ná 10mm a ghobfaidh siad amach. I gcás ar bith, comhlíonfaidh na starráin chéanna forálacha mhír 5.2. Más suite ar bhonn atá an ornáid, meastar gur leis an ornáid a bhaineann an bonn sin, seachas leis an dromchla tacaithe.

6.1.2. Stiallacha cosanta agus sciathú ar an dromchla seachtrach, ní bheidh siad faoi réir cheanglais mhír 6.1.1. thuas; mar sin féin, beidh siad ceangailte go daingean den fheithicil.

6.2. Ceannlampaí

6.2.1. Ceadófar scáthláin agus fonsaí starrán a bheith ar cheannsoilse ar an dá choinníoll seo a leanas – ní mó ná 30 mm a ghobann siad amach, rud a thomhaisfear ó dhromchla trédhearcach seachtrach an cheannlampa amach, agus is é 2,5 mm ar a laghad is gá guaire dóibh ar a bhfud.

Maidir le ceannlampaí atá suite taobh thiar de dhromchla trédhearcach breise, is ón dromchla trédhearcach is faide amuigh a thomhaisfear an starrán. Is i gcomhréir leis an modh a gcuirtear síos air i mír 3. d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo a chinnfear a fhad a ghobann na starráin amach.

6.2.2. Comhlíonfaidh ceannlampaí in-aistarraingthe forálacha mhír 6.2.1. Thuas bídís nochta chun oibrithe nó bídís aistarraingthe.

6.2.3. Níl feidhm ag forálacha mhír 6.2.1 thuas maidir le ceannlampaí atá slogtha siar sa chabhail nó a síneann an chabhail amach "os a gcionn", má chomhlíonann an chabhail ceanglais mhír 6.9.1. thíos.

6.3. Gríleanna agus bearnaí

6.3.1. Ní bheidh feidhm ag ceanglais mhír 5.4 thuas maidir le bearnaí idir eilimintí fosaitheacha nó inghluaiste, eilimintí ar cuid atá iontu de ghríleanna iontógála nó sceite aeir agus de ghríleanna radaitheora ina measc, ar choinníoll nach faide ná 40 mm an t-achar idir dhá eilimint as béal a chéile, agus go bhfuil feidhm fheidhmiúil leis na gríleanna agus na bearnaí. I gcás bearnaí idir 40 mm agus 25 mm, 1 mm nó níos mó a bheidh sna gathanna

cuaire. Mar sin féin, más 25mm nó níos lú atá san achar idir dhá eilimint as béal a chéile, ní lú ná 0,5 mm a bheidh i ngathanna cuaire éadain sheachtracha na n-eilimintí. Is i gcomhréir leis an modh a gcuirtear síos air i mír 4. d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo a chinnfear an t-achar idir dhá eilimint as béal a chéile de ghríleanna agus de bhearnaí.

6.3.2. I gcás gach eiliminte ar cuid de ghreille nó de bhearna atá inti, maolófar cumar an éadain tosaigh agus na n-éadan taoibh.


6.4. Cuimilteoirí gaothscátha

6.4.1. Feisteofar na cuimilteoirí gaothscátha sa tslí go mbeidh seafta an chuimilteora (uimhir 1 i bhFíor 0) faoi chásáil chosanta (uimhir 1.1 i bhFíor 0), cásáil ina bhfuil ga cuaire a chomhlíonann ceanglais mhír 5.4 thuas, cásáil darb achar dromchla rud is lú ná 150 mm². Déantar an coinneálaí (an ceann agus an phríomhchuid, i.e. uimhreacha 2, 2.1 i bhFíor 0) a dhearadh sa tslí go bhfuil ga cuaire ann a chomhlíonann ceanglais mhír 5.4. thuas. I gcás clúdaigh chruinne, ní lú ná 150mm² a bheidh in achar an starráin, achar a thomhaisfear i bhfoisceacht 6,5 mm ar a mhéad don phointe is faide a ghobann amach. Déanfaidh cuimilteoirí fuinneoige cúil agus cuimilteoirí ceannlampa na ceanglais sin a chomhlíonadh freisin.

6.4.2. Ní bheidh feidhm ag mír 5.4. maidir le lanna na gcuimilteoirí (uimhir 4 i bhFíor 0), le baill tacaithe (uimhir 3 i bhFíor 0) más ann dóibh, leis an gcoinneálaí tánaisteach (uimhir 2.2 i bhFíor 0) más ann dó, leis an inse feidhmiúil idir ceann an choinneálaí agus an coinneálaí féin (uimhir 5 i bhFíor 0), más ann dó, ná le cumar an phríomhchoinneálaí agus an choinneálaí thánaistigh (uimhir 6 i bhFíor 0), más ann dó. Mar sin féin, déanfar na haonaid sin sa tslí nach mbeidh aon uillinn ghéara orthu, aon pháirt ghéar, ná aon pháirt a ghearrfadh duine.

Fíor 0

Sampla de dháileadh na bpáirteanna



Eochair:

1. Seafta an chuimilteora
1.1. Cásáil chosanta
2. Ceann an choinneálaí
2.1. An príomhchoinneálaí
2.2. An coinneálaí tánaisteach
3. Baill tacaithe
4. Lanna an chuimilteora
5. Inse feidhmiúil
6. Cumar an phríomhchoinneálaí agus an choinneálaí thánaistigh


6.4.3. Comhlíonadh na bhforálacha i míreanna 6.4.1 agus 6.4.2, is rud é a fhíorófar agus na cuimilteoirí ina stad.

6.5. Tuairteoirí

6.5.1. Beidh dhá cheann na dtuairteoirí iompaithe isteach i dtreo an dromchla sheachtraigh ionas nach mbeidh baol bréanaithe ann ach a laghad is féidir. Meastar an ceanglas seo a bheith comhlíonta má dhéantar an tuairteoir a chuasú laistigh den chabhail nó a chomhtháthú inti, sin nó má dhéantar ceann an tuairteora a iompú isteach ionas nach féidir le sféar 100 mm teagmháil leis, ach an bhearna idir ceann an tuairteora agus an chabhail máguaird a bheith níos lú ná 20 mm.

6.5.2. An líne den tuairteoir a fhreagraíonn do chomhrian theilgean ingearach an chairr, más ar dhromchla docht atá an líne sin, an ga guaire atá sa dromchla céanna, 5 mm ar a laghad a bheidh ann ag gach pointe idir an comhrian agus 20 mm istigh, agus 2,5 mm ar a laghad a bheidh ann i ngach cás eile. An chrios a shíneann leis 20 mm isteach ón gcomhrian, tá feidhm ag an bhforáil sin maidir leis an gcuid den chrios céanna atá idir pointí a bhfuiltear i dtadhall le dhá phlána ingearacha – agus chun tosaigh ar na pointí sin (nó taobh thiar díobh, i gcás an tuairteora chúil) – plánaí darb uillinn idir féin agus fadphlána shiméadracht na feithicle 15° (féach Fíor. 1).

Fíor 1



6.5.3. Ní bheidh feidhm ag ceanglas mhír 6.5.2. thuas maidir le páirteanna den tuairteoir, páirteanna atá ar an tuairteoir, ná intlisí tuairteora a ghobann amach níos lú ná 5mm, comhchlúdaigh agus scairdeanna le haghaidh niteoirí ceannlampa go háirithe; ach déanfar uillinneacha amach na bpáirteanna sin a mhaolú, seachas nuair is lú ná 1,5 mm a ghobann siad amach.

6.5.4. Níl feidhm ag ceanglas mhír 6.5.2 thuas maidir le clúdach an tuairteora. Beidh feidhm ag forálacha mhír 5 den Rialachán seo i gcónaí.

6.6. Cosa, insí agus brúchnaipí doirse, urrann bagáiste agus boinéad; caipíní agus clúdaigh líontán umar breosla

6.6.1. Ní mó ná 40 mm a bheidh sa starrán i gcás hanlaí doirse nó urrann bagáiste, agus ní mó ná 30 mm a bheidh ann i ngach cás eile.

6.6.2. Más é a gcasadh a dhéantar ar hanlaí cliathánacha doirse chun iad a oibriú, comhlíonfaidh siad ceann de na ceanglais seo a leanas:

6.6.2.1. I gcás hanlaí a chastar comhthreomhar le plána an dorais, ní mór ceann oscailte na hanlaí a bheith dírithe chun deiridh. Beidh ceann na hanlaí sin iompaithe isteach i dtreo phlána an dorais, agus feisteofar iad sa tslí go mbeidh colbha cosanta orthu, sin nó déanfar iad a chuasú.

6.6.2.2. Hanlaí a chasann i dtreo ar bith nach bhfuil comhthreomhar le plána an dorais, beidh colbha cosanta umpu agus an doras dúnta, sin nó beidh siad cuasaithe. Siar nó síos a bheidh aghaidh an chinn oscailte.

Mar sin féin, féadfar glacadh le hanlaí nach gcomhlíonann an coinníoll deireanach sin ach na nithe a leanas a bheith i gceist:

(a) Tá sásra um fhilleadh neamhspleách acu;

(b) I gcás ina dteipeadh ar an sásra fillte, ní féidir leo gobadh amach níos mó ná 15 mm;

(c) Agus iad oscailte, comhlíonann siad forálacha mhír 5.4; agus

(d) Ní mó ná 150 mm^2 an t-achar dromchla atá iontu de réir tomhas a dhéantar i bhfoisceacht 6,5 mm ar a mhéad don phointe is faide a ghobann amach.

6.7. Rothaí, rothchnónna, molchaidhpeanna agus rothdhioscaí

6.7.1. Ní bheidh feidhm ag ceanglais mhír 5.4 thuas.

6.7.2. Na rothaí, na rothchnónna, na molchaidhpeanna agus na rothdhioscaí, ní bheidh aon starrán rinneach ná géar orthu a shíneann amach thar phlána seachtrach fhonsa an rotha. Ní cheadófar cnónna cluasacha.

6.7.3. Cé is moite de na boinn, páirt ar bith de na rothaí dá bhfuil suite os cionn an phlána chothrománaigh a théann trí ais rothlaithe na rothaí, ní ghobfaidh sí amach ar phlána cothrománach thar theilgean ingearach an dromchla sheachtraigh nó an struchtúir sheachtraigh agus an fheithicil ag gluaiseacht i líne dhíreach. Mar sin féin, má éilíonn ceanglais fheidhmiúla amhlaidh, rothdhioscaí a chlúdaíonn rothchnónna agus molchnónna, féadfaidh siad gobach amach thar theilgean ingearach an dromchla sheachtraigh nó an struchtúir sheachtraigh ar an dá choinníoll a leanas – ní lú ná 30 mm is ga cuaire do dhromchla na páirte a ghobann amach, agus ní mó ná 30 mm a ghobtar amach thar an dromchla seachtrach nó an struchtúr seachtrach i gcás ar bith.

6.8. Ciumhaiseanna miotail leatháin

6.8.1. Ciumhaiseanna miotail leathnáin, amhail ciumhaiseanna gáitéar agus ráillí doirse sleamhnáin, ní cheadófar iad ach amháin má bhíonn siad fillte siar nó má bhíonn sciath feistithe orthu, sciath a chomhlíonann na ceanglais de chuid an Rialacháin seo a bhfuil feidhm acu maidir leis.

Measfar ciumhais neamhchosanta a bheith fillte siar má bhíonn sé fillte siar tuairim agus 180°, nó má bhíonn sé fillte i dtreo na cabhlach sa tslí nach féidir le sféar dar trastomhas100 mm teagmháil leis.

Ní bheidh feidhm ag ceanglais mhír 5.4 thuas maidir leis na ciumhaiseanna miotail leatháin seo a leanas: ciumhais chúil an bhoinéid agus ciumhais tosaigh bhúit cúil an bhagáiste.

Is rud é ciumhais chúil an bhoinéid lena n-áirítear eachtarshuíomh na ciumhaise sin ar chlé agus ar dheis (e.g. ciumhais uachtair an gharda nó ciumhais an a-philéir). An pointe cliathánach is forimeallaí de ghloine an ghaothscátha, sin é an teorainn chliathánach atá leis an eachtarshuíomh sin.

6.9. Painéil chabhlach

6.9.1. Fillteacha i bpainéil chabhlach, féadfaidh ga cuaire níos lú ná 2,5 mm a bheith iontu ar choinníoll nach lú sin ná an deichiú cuid d'airde "H" an starráin, rud a thomhaisfear i gcomhréir leis an modh a gcuirtear síos air i mír 1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo.

6.10. Sraonairí cliathánacha aeir nó báistí

6.10.1. Ga cuaire 1 mm ar a laghad a bheidh i sraonairí cliathánach ar chiumhaiseanna is féidir a dhíriú amach.

6.11. Bracanna seacála agus sceithphíopaí

6.11.1. Na bracanna seacála agus an sceithphíopa nó na sceithphíopaí, ní mó ná 10 mm a ghobfaidh siad amach thar theilgean ingearach na líne urláir atá go hingearach os a gcionn. Mar eisceacht ar an gceanglas sin, féadfaidh sceithphíopa gobadh amach níos mó ná 10 mm thar theilgean ingearach na líne urláir, fad agus gur ciumhaiseanna cruinne atá ar cheann an phíopa thiar, ciumhaiseanna dar ga guaire 2,5 mm ar a laghad.

6.12. Flapaí iontógála aeir agus flapaí sceite aeir

6.12.1. Flapaí iontógála aeir agus flapaí sceite aeir, comhlíonfaidh siad ceanglais mhíreanna 5.2., 5.3. agus 5.4 thuas i ngach suíomh úsáide dóibh.

6.13. Díon

6.13.1. Breithneofar díonta oscailteacha agus iad dúnta, agus ansin amháin.

6.13.2. Déanfar carranna spóirt a scrúdú agus an húda thuas, agus déanfar iad a scrúdú agus an húda thíos.

6.13.2.1. Agus an húda thíos, ní dhéanfar aon scrúdú ar an bhfeithicil laistigh de dhromchla samhailteach, is é sin dromchla an húda ach é a bheith thuas.

6.13.2.2. I gcás ina mbeidh clúdach le haghaidh nascáil an húda agus í fillte curtha ar fáil mar threalamh caighdeánach, déanfar an scrúdú agus an nascáil faoi chlúdach.

6.14. Fuinneoga

6.14.1. Fuinneoga a bhogann amach ó dhromchla seachtrach na feithicle, comhlíonfaidh siad na forálacha seo a leanas i ngach suíomh úsáide dóibh:

6.14.1.1. Aon chiumhais nocht dá mbeidh ann, ní bheidh a haghaidh chun tosaigh;

6.14.1.2. Ní rachaidh aon chuid den fhuinneog thar chiumhais fhorimeallach na feithicle.

6.15. Bracanna plátaí clárúcháin

6.15.1. Bracanna tacaithe a sholáthróidh monaróir na feithicle le haghaidh plátaí clárúcháin, comhlíonfaidh siad ceanglais mhír 5.4 den Rialachán seo más féidir le sféar dar trastomhas 100 mm teagmháil leo agus pláta clárúcháin feistithe i gcomhréir le moladh mhonaróir na feithicle.

6.16. Racaí bagáiste agus racaí sciála

6.16.1. Déanfar racaí bagáiste agus racaí sciála a cheangal den fheithicil sa tslí go mbeidh glasáil dheimhneach ann i dtreo amháin ar a laghad, sin agus go gur féidir fórsaí cothrománacha, fadfhórsaí agus fórsaí trasnacha a tharchur, fórsaí arb ionann neart dóibh agus do chumas ualach-iompartha ingearach an raca ar a laghad, cumas a bheidh sonraithe ag an monaróir. Maidir le tástáil an raca bagáiste nó an raca sciála agus é ceangailte den fheithicil de réir threoracha an mhonaróra, leagfar na hualaí tástála ar níos mó ná pointe amháin.

6.16.2. Dromchlaí ar féidir le sféar dar trastomhas 165 mm teagmháil leo agus an raca suiteáilte, ní bheidh páirteanna ag gabháil leo ar lú ná 2,5 mm is ga cuaire dóibh, ach amháin más féidir forálacha mhír 6.3. a chur i bhfeidhm.

6.16.3. Eilimintí ceangail, amhail boltaí a theanntar nó a scaoiltear gan uirlisí, ní mó ná 40 mm a ghobfaidh siad amach thar na dromchlaí dá dtagraítear i mír 6.16.2. thuas – is de réir an mhodha a fhorordaítear i mír 2. d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo a chinnfear toisí an starráin, ach is sféar dar trastomhas 165 mm a úsáidfear sna cásanna sin inarb é an modh a fhorordaítear i mír 2.2. den iarscríbhinn sin a úsáidfear.

6.17. Aeróga

6.17.1. Aeróga lena nglactar agus lena dtarchuirtear comhartha raidió, ceanglaítear den fheithicil iad sa tslí agus, más lú ná 2 m ó dhromchla an bhóthair ceann neamhcheangailte na haeróige in aon suíomh úsáide dá mbeidh sonraithe ag monaróir na haeróige, beidh sé taobh istigh den chrios sin dar teorainn na plánaí ingearacha atá 10 cm laistigh d'fhorimeall seachtrach na feithicle mar a shainmhínítear i mír 2.7. den Rialachán seo.

6.17.2. Ina theannta sin, déanfar aeróga a cheangal den fheithicil – sin agus a gceann neamhcheangailte a shrianadh, más gá – sa tslí nach ngobfaidh aon chuid de na haeróga amach thar fhorimeall seachtrach na feithicle mar a shainmhínítear i mír 2.7. den Rialachán seo.

6.17.3. Féadfaidh gathanna cuaire is lú ná 2,5 mm a bheith i seaftaí aeróg. Mar sin féin, beidh caidhpeanna fosaitheacha ar na cinn neamhcheangailte, caidhpeanna nach lú ná 2,5 mm is ga cuaire dóibh.

6.17.4. Ní mó ná 40 mm a ghobfaidh boinn aeróg amach nuair a chinnfear toisí na starrán sin de réir nós imeachta mhír 2 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo.

6.17.4.1. Nuair nach féidir a chinneadh céard is bonn d'aeróg d'uireasa seafta solúbtha nó páirt sholúbtha, meastar go bhfuil an ceanglas sin comhlíonta más amhlaidh na nithe seo a leanas, tar éis fórsa cothrománach aniar agus anoir nach mó ná 50 daN a oibriú ar an gcuid is faide amuigh den aeróg le reithe récheannach nach mó ná 50 mm is trastromhas dó:

(a) Cromann an aeróg i dtreo an taca agus ní ghobann sé amach níos mó ná 40 mm, nó

(b) Scoitear an aeróg agus an chuid di atá fágtha, níl aon pháirt ghéar ná aon pháirt rinneach uirthi ar féidir leis an 100 mm teagmháil léi, agus ní ghobann sí amach níos mó ná 40 mm.

6.17.4.2. Míreanna 6.17.4. agus 6.17.4.1. thuas, ní bheidh feidhm acu maidir le haeróga atá taobh thiar den trasphlána ingearach a théann trí phointe "R" an tiománaí, ar choinníoll nach mó ná 70 mm ar a mhéad a ghobann an aeróg amach, an feireadh san áireamh, nuair a chinntear toisí an starráin sin i gcomhréir le nós imeachta mhír 2. d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo.

Más taobh thiar den trasphlána ingearach sin atá an aeróg, agus más mó ná 70mm a ghobann sí amach, beidh feidhm ag mír 6.17.4.1. thuas ach is teorainn 70 mm a bheidh ann maidir leis an starrán, seachas teorainn 40 mm.

6.18. Treoracha cóimeála

6.18.1. Racaí bagáiste, racaí sciála agus aeróga lena nglactar nó lena dtarchuirtear comhartha raidió, na nithe sin agus iad ceadaithe mar aonaid theicniúla leithligh, ní féidir iad a chur ar díol, a dhíol ná a cheannach mura bhfuil treoracha cóimeála ag gabháil leo. Beidh go leor faisnéise sna treoracha cóimeála chun gur féidir na comhpháirteanna formheasta a fheistiú ar an bhfeithicil ar bhealach a chomhlíonann forálacha ábhartha mhíreanna 5 agus 6. den Rialachán seo. Ní mór na suíomhanna úsáide a léiriú maidir le haeróga teileascópacha go háirithe.

7. MODHNÚ CINEÁIL FEITHICLE

7.1. Gach modhnú ar chineál feithicle atá ann cheana, cuirfear in iúl é don údarás cineálcheadaithe a d'fhormheas an cineál sin feithicle. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe ceann de na nithe seo a leanas:

(a) A chinneadh, i gcomhairle leis an monaróir, go ndeonófar cineálcheadú nua, nó

(b) An nós imeachta atá i mír 7.1.1. a chur i bhfeidhm (Athbhreithniú) agus, más infheidhme, an nós imeachta atá i mír 7.1.2. (Síneadh).

7.1.1. Athbhreithniú

I gcás ina a mbeidh athrú tagtha ar na sonraí a taifeadadh san fhillteán faisnéise, cás inarb é tuairim an údaráis cineálcheadaithe nach móide go dtiocfaidh éifeacht dhíobhálach shuntasach i gceist de bharr na modhnuithe a rinneadh, agus go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais i gcónaí ar aon nós, i gcás den chineál sin is "athbhreithniú" a thabharfar ar an modhnú.

Ina leithéid de chás, eiseoidh an t-údarás cineálcheadaithe na leathnaigh athbhreithnithe den fhillteán faisnéise de réir mar is gá, agus marcálfaidh sé gach ceann de na leathanaigh athbhreithnithe chun an cineál athraithe agus dáta na hatheisiúna a thaispeáint go soiléir. Measfar an ceanglas sin a bheith comhlíonta ach leagan comhdhlúite chun dáta den fhillteán a bheith ann, agus tuairisc mhionsonraithe ar na modhnú ag gabháil leis.

7.1.2. Síneadh

"Síneadh" a thabharfar ar an modhnú má bhíonn na nithe seo a leanas i gceist, chomh maith leis an athrú ar na sonraí a taifeadadh san fhillteán faisnéise,

(a) Gá a bheith le hiniúchtaí breise nó tástálacha breise;

(b) Aon chuid den fhaisnéis ar an doiciméad cumarsáide (gan na ceangaltáin a ghabhann leis chur san áireamh) a bheith athraithe, nó

(c) Formheas le haghaidh sraith leasuithe níos faide anonn a bheith iarrtha tar éis di teacht i bhfeidhm.

7.2. Dearbhú nó diúltú formheasa, rud lena sonrófar na modhnuithe, is de réir an nós imeachta a shonraítear i mír 4.3 thuas a dhéanfar é a chur in iúl do na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann Rialachán seo i bhfeidhm. Ina theannta sin, an t-innéacs a ghabhann leis an bpacáiste faisnéise, pacáiste a bhíonn i gceangal leis an doiciméad cumarsáide, déanfar é a leasú ionas go mbeidh dáta an athbhreithnithe nó an tsínidh is déanaí le feiceáil ann.

8. COMHRÉIREACHT TÁIRGEACHTA

8.1. Feithiclí (agus aonaid theicniúil ar leithligh) a fhormheastar faoin Rialachán seo, déanfar iad a mhonarú sa tslí go mbeidh siad i gcomhréir leis an gcineál a formheasadh, agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar amach i míreanna 5 agus 6 thuas.

8.2. Déanfar rialuithe oiriúnacha ar an táirgeadh chun a fhíorú go bhfuil ceanglais mhír 8.1 á gcomhlíonadh.

8.3. Déanfaidh sealbhóir an fhormheasa an méid seo a leanas, go háirithe:

8.3.1. A áirithiú go bhfuil nósanna imeachta ann chun cáilíocht na dtáirgí a rialú go héifeachtach;

8.3.2. Rochtain a bheith aige ar an trealamh rialaithe is gá chun an comhréireacht le gach cineál a formheasadh a sheiceáil;

8.3.3. A áirithiú go dtaifeadfar sonraí faoi thorthaí tástála agus go mbeidh doiciméid ghaolmhara ar fáil go ceann tréimhse a chinnfear i gcomhréir leis an údarás cineálcheadaithe;

8.3.4. Anailís a dhéanamh ar thorthaí gach cineáil tástála chun cobhsaíocht shaintréithe an táirge a fhíorú agus a áirithiú, agus na hathruithe ceadmhacha a bhíonn ann sa táirgeadh tionsclaíoch á gcur san áireamh;

8.3.5. Na tástálacha a fhorordaítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo, a áirithiú go ndéanfar na tástálacha sin ar a laghad i gcás gach cineáil táirge;

8.3.6. Samplaí nó nithe ar bith a chuirtear faoi thástáil, má fhaightear amach nach bhfuil siad comhréireach leis an gcineál tástála atá i gceist, a áirithiú go ndéanfar sampláil eile agus tástáil eile. Déanfar na bearta ar fad is gá chun an táirgeadh lena mbaineann a thabhairt chun comhréireachta in athuair.

8.4. An t-údarás cineálcheadaithe a dheonaigh cineálcheadú, féadfaidh sé na modhanna rialaithe comhréireachta is infheidhme maidir le gach aonad táirgthe a fhíorú tráth ar bith.

8.4.1. I gcás gach iniúchta, cuirfear na leabhair tástála agus na taifid maidir le suirbhéanna táirgthe faoi bhráid an chigire cuairte.

8.4.2. Féadfaidh an cigire samplaí a ghlacadh go randamach le tástáil a dhéanamh orthu i saotharlann an mhonaróra. Féadfar an t-íosmhéid samplaí a chinneadh de réir thorthaí fhíorú an mhonaróra féin.

8.4.3. Agus an chuma ar an scéal nach leibhéal cáilíochta sásúil atá ann, nó gur gá bailíocht na dtástálacha a rinneadh agus mír 8.4.2. thuas á cur i bhfeidhm, gur gá sin a fhíorú, roghnóidh an cigire samplaí atá le seoladh chuig an tseirbhís theicniúil a rinne na tástálacha cineálcheadaithe.

8.4.4. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe aon tástáil dá bhforordaítear sa Rialachán seo a dhéanamh.

8.4.5. Uair sa dá bhliain a dhéanfar cigireacht fhormheasta de chuid an údaráis cineálcheadaithe go hiondúil. I gcás ina dtaifeadfar torthaí diúltacha le linn ceann de na cuairteanna sin, áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe go ndéanfar gach beart is gá chun an táirgeadh a thabhairt chun comhréireachta arís chomh tapa agus is féidir.

9. PIONÓIS MAR GHEALL AR NEAMHCHOMHRÉIREACHT TÁIRGEACHTA

9.1. An formheas a deonaíodh maidir le cineál feithicle de bhun an Rialacháin seo, féadfar é a tharraingt siar mura gcomhlíontar an ceanglas a leagtar síos i mír 8.1.

9.2. Páirtí sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, má dhéanann sé formheas a dheonaigh sé roimhe sin a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra láithreach do na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an sampla atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

10. SCOR CINNTITHEACH DEN TÁIRGEADH

Má scoireann sealbhóir an fhormheasa go hiomlán de mhonarú an chineáil a formheasadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don údarás cineálcheadaithe a dheonaigh an formheas. Tar éis don údarás an fógra ábhartha a fháil, déanfaidh sé na Páirtithe eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm a chur ar an eolas, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an sampla in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

11. AINMNEACHA AGUS SEOLTAÍ NA SEIRBHÍSÍ TEICNIÚLA A DHÉANANN TÁSTÁLACHA FORMHEASA, AGUS NA nÚDARÁS CINEÁLCHEADAITHE

Na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, cuirfidh siad in iúl d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ainmneacha agus seoltaí na seirbhísí teicniúla a dhéanann tástálacha formheasa, sin agus ainmneacha agus seoltaí agus na n-údarás cineálcheadaithe a dheonaíonn formheas, údaráis ar chucu atá foirmeacha lena ndearbhaítear formheas a eisíodh i dtír eile le cur, chomh maith le foirmeacha lena ndiúltaítear formheas agus foirmeacha lena n-aistarraingítear formheas a eisíodh i dtír eile.

12. FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

12.1. Ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 02 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheadú a dheonú faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 02.

12.2. Ó 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 02, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialacháin seo i bhfeidhm, ní dheonóidh siad cineálcheadú ach amháin má chomhlíonann an cineál feithicle atá le formheas ceanglais an Rialacháin seo arna leasú le sraith leasuithe 02.

12.3. Ó 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 02, scoirfidh formheasanna atá ann cheana faoin Rialachán seo de bheith bailí, ach amháin i gcás cineálacha feithiclí a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo arna leasú le sraith leasuithe 02.

12.4. Ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 03 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheadú a dheonú faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 03.

12.5. Ó 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 03, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialacháin seo i bhfeidhm, ní dheonóidh siad cineálcheaduithe ach amháin má chomhlíonann an cineál feithicle atá le formheas ceanglais an Rialacháin seo arna leasú le sraith leasuithe 03.

12.6. Go dtí go mbeidh sé 48 mí ó bhí dáta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 03 ar an Rialachán seo ann, aon Pháirtí Conarthach dá gcuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh sé cineálcheadú a dheonú do chineál feithicle a formheasadh faoin tsraith leasuithe ar an Rialachán seo a bhí ann roimhe sin.

12.7. Ón am a bheidh sé 48 mí ó bhí dáta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 03 ar an Rialachán seo ann, Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, féadfaidh siad diúltú an chéad chlárú náisiúnta (an chéad chur i seirbhís) a dheonú d'fheithicil nach gcomhlíonann ceanglais shraith leasuithe 03 ar an Rialachán seo.

12.8. Ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 04 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheadú a dheonú faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 04.

12.9. Ón 1 Meán Fómhair 2022, Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair tar éis an 1 Meán Fómhair 2022.

12.10. Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, glacfaidh siad i gcónaí le cineálcheaduithe a deonaíodh de réir na sraithe leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair roimh an 1 Meán Fómhair 2022.

12.11. Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe a dheonú, ná síneadh a chur le cineálcheaduithe, de réir aon sraith leasuithe a rinneadh roimhe sin ar an Rialachán seo.

IARSCRÍBHINN 1

Fógra

Uasfhormáid: A4 (210 x 297 mm))



arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
.....
.....
.....

maidir le ([2]): Formheas a bheith deonaithe
Síneadh a bheith curtha le formheas
Formheas a bheith diúltaithe
Formheas a bheith aistarraingthe
Scor cinntitheach den táirgeadh

i ndáil le cineál feithicle a mhéid a bhaineann lena chuid starrán seachtracha, de bhun Rialachán Uimh. 26

Uimhir Formheasa ..... Uimhir Sínidh.....

1. Trádainm nó trádmharc an fheiste.....
2. Cineál na feithicle.....
3. Ainm agus seoladh an mhonaróra.....
4. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme .....
.....
5. Cuireadh an fheithicil isteach le haghaidh a formheasa an: .....
6. An tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha formheasa:
.....
7. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: .....
8. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: .....
9. Deonú/diúltú/aistarraingt an fhormheas/síneadh a bheith curtha leis a bhformheas[2]
10. An chúis nó na cúiseanna ar cuireadh síneadh leis an bhformheas (más infheidhme): .....
.....
11. Suíomh mharc an cheadaithe ar an bhfeithicil.....
12. Áit .....

([1]) Sainuimhir na tíre a rinne formheas a dheonú/a dhiúltú/a aistarraingt (féach na forálacha formheasa sa Rialachán).
([2]) Scrios na cinn nach mbaineann le hábhar.

13. Dáta .....

14. Síniú .....

15. Liosta na ndoiciméad a comhdaíodh leis an tseirbhís riaracháin a dheonaigh formheas, liosta agus atá ar fáil ach é a iarraidh, tá sé i gceangal leis an bhfógra seo.

IARSCRÍBHINN 2

Leagan amach na marcanna formheasa

SAMPLA A

(Féach míreanna 4.1.4 agus 4.2.4. den Rialachán seo)




a = 8 mm ar a laghad

An marc formheasa thuas a bheith greamaithe d'fheithicil, is rud é a léiríonn gur formheasadh an cineál feithicle lena mbaineann san Ísiltír (E 4) de bhun Rialachán Uimh. 26 ó na Náisiúin Aontaithe agus faoi uimhir formheasa 042439. Léiríonn an chéad dá dhigit den uimhir formheasa go raibh sraith leasuithe 04 cuimsithe i Rialachán Uimh. 26 ó na Náisiúin Aontaithe cheana an tráth a deonaíodh an formheas.

SAMPLA B

(Féach mír 4.1.5 den Rialachán seo)



a = 8 mm ar a laghad

An marc formheasa thuas a bheith greamaithe d'fheithicil, is rud é a léiríonn gur formheasadh an cineál feithicle lena mbaineann san Ísiltír (E 4) de bhun Rialachán Uimh. 26 ó na Náisiúin Aontaithe agus Rialachán Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe ([1]). An chéad dá dhigit de na huimhreacha formheasa, léiríonn siad go raibh sraith leasuithe 04 cuimsithe i Rialachán Uimh. 26 ó na Náisiúin Aontaithe agus go raibh sraith leasuithe 03 cuimsithe i Rialachán Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe faoin tráth a deonaíodh na formheasanna.

([1]) Ní thugtar uimhir an dara Rialacháin ach mar shampla;

IARSCRÍBHINN 3

Na modhanna chun toisí starrán agus bearnaí a chinneadh

1. An modh chun airde an starráin a chinneadh i gcás fillteacha i bpainéil chabhlach

1.1. Déantar airde H starráin a chinneadh go grafach de réir tagairt d'imlíne ciorcail dar trastomhas 165 mm, ciorcal a theagmhaíonn leis an taobh istigh d'imlíne sheachtrach an dromchla sheachtraigh sa chuid atá le seiceáil.

1.2. Is é H uasluach an fhaid idir cuar-imlíne an chiorcail thuasluaite agus imlíne sheachtrach an starráin, fad a thomhaistear ar feadh líne dhíreach a théann trí lár an chiorcail dar trastomhas 165 mm (féach Fíor 1).

1.3. I gcásanna nach féidir le ciorcal dar trastomhas 100 mm teagmháil go seachtrach le cuid d'imlíne sheachtrach an dromchla sheachtraigh sa chuid atá á breithniú, glacfar leis gurb ionann imlíne sheachtrach an limistéir sin agus cuar-imlíne an chiorcail dar trastomhas 10mm idir na pointí ag a dteagmhaíonn sé leis an imlíne sheachtrach (féach Fíor 2).

1.4. Soláthróidh an monaróir líníochtaí trasghearrthacha de na codanna is gá den dromchla seachtrach ionas gur féidir airde na starrán dá dtagraítear thuas a thomhas.

2. An modh chun toise an starráin a chinneadh i gcás comhpháirt atá feistithe ar an dromchla seachtrach

2.1. Toise an starráin i gcás comhpháirt atá feistithe ar dhromchla dronnach, féadfar é a chinneadh go díreach nó de réir tagairt do líníocht de chuid iomchuí den chomhpháirt sin agus í feistithe.

2.2. Toise an starráin i gcás comhpháirt atá feistithe ar dhromchla nach dromchla dronnach é, mura féidir sin a chinneadh le tomhas simplí, is é an rud a úsáidfear lena chinneadh an t-uasathrúchán atá ann maidir lena fhad a bhíonn lár sféir dar trastomhas 100 mm ó líne ainmniúil an phainéil nuair a bhogtar an sféar anonn agus anall ar an gcomhpháirt, agus é i dteagmháil leis an gcomhpháirt le linn an ama. I bhFíor 3 léirítear sampla d'úsáid an nós imeachta sin.


3. An modh chun toise an starráin a chinneadh i gcás scáthláin agus fonsaí ceannlampaí

3.1. An starrán ó dhromchla seachtrach an cheannlampa, is go cothrománach ón bpointe ag a dteagmhaítear le sféar dar trastomhas 100 mm a dhéanfar é a thomhas, mar a léirítear i bhFíor 4.


4. An modh chun toise bearna nó spáis idir eilimintí de ghreille a chinneadh

4.1. Toise bearna nó spáis idir eilimintí de ghreille, is de réir an fhaid idir dhá phlána a théann trí phointí teagmhála an sféir, dhá phlána atá ingearach leis an líne a cheanglaíonn na pointí teagmhála sin, a dhéanfar an toise sin a chinneadh. I bhFíoracha 5 agus 6 léirítear sampla d'úsáid an nós imeachta sin.


Fíor 1




Fíor 2




Fíor 3




Fíor 4



Fíor 5



Fíor 6



IARSCRÍBHINN 4

Fógra

(uasfhormáid: A4 (210 x 297 mm))



arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
.....
.....
.....

maidir le ([2]):
Formheas a bheith deonaithe
Síneadh a bheith curtha le formheas
Formheas a bheith diúltaithe
Formheas a bheith aistarraingthe
Scor cinntitheach den táirgeadh

i ndáil le raca bagáiste, raca sciála nó aeróg lena nglactar nó lena dtarchuirtear comhartha raidió, raca nó aeróg arb aonad teicniúil ar leithligh atá inti[2]

Uimhir Formheasa ..... Uimhir Shínidh .....

1. Trádainm nó trádmharc: .....

2. Cineál: .....

3. Ainm agus seoladh an mhonaróra: .....
.....

4. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme: .....
.....

5. Saintréithe an aonaid theicniúil ar leithligh .....

6. Teorainneacha úsáide, más ann dóibh, agus treoracha cóimeála .....

7. An sampla ba ghá ionas go bhformheasfaí aonad teicniúil ar leithligh, is ar an dáta seo a leanas a cuireadh isteach é: .....

8. An tseirbhís theicniúil atá freagrach as tástáil formheasa a dhéanamh: .....

9. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: .....

10. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: .....

11. Rinneadh formheas le haghaidh aonad teicniúil ar leithligh a dheonú/a dhiúltú/a aistarraingt/cuireadh síneadh le formheas le haghaidh aonad teicniúil ar leithligh[2] i ndáil le raca nó racaí bagáiste, raca nó racaí sciála, agus aeróg nó aeróga lena nglactar nó lena dtarchuirtear comhartha raidió[2]

12. Áit: .....

([1]) Sainuimhir na tíre a rinne formheas a dheonú/a dhiúltú/a aistarraingt (féach na forálacha formheasa sa Rialachán).
([2]) Scrios na cinn nach mbaineann le hábhar.

13. Dáta: .....

14. Síniú: .....

15. Liosta na ndoiciméad a comhdaíodh leis an údarás cineálcheadaithe a dheonaigh formheas, liosta atá ar fáil ach é a iarraidh, tá sé i gceangal leis an bhfógra seo.